

EBA/GL/2026/04

28 Aibreán 2026

Treoirlínte maidir le neamhspleáchas maoirseachta na n-údarás inniúil faoi Threoir 2013/36/AE

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Sa doiciméad seo tá treoirlínte a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. Sna treoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh a chinntiú ach na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna le neamhchomhlíonadh ar shlí eile a sholáthar, faoin [24.08.2026]. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh ach an fhoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2026/04' luaite léi. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte seo gnéithe áirithe den chosc ar choinbhleachtaí leasa in údaráis inniúla agus ar neamhspleáchas maoirseachta na n-údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 4a de Threoir 2013/36/AE², agus dea-chleachtais idirnáisiúnta á gcur san áireamh lena n-áirítear na croíphrionsabail do mhaoirseacht baincéireachta éifeachtach a d'eisigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus critéir na nÚdarás Maoirseachta Eorpach Comhpháirteach maidir le neamhspleáchas na n-údarás maoirseachta³.

Raon feidhme

6. Baineann na treoirlínte seo le maoirseacht chúramach ar institiúidí creidmheasa ag údaráis inniúla faoi Threoir 2013/36/AE, lena n-áirítear socruithe maidir le neamhspleáchas chomhaltaí a bhfoirne agus a gcoistí rialaithe, agus maidir le coibhneachtaí leasa a láimhseáil i gcás chomhaltaí a bhfoirne agus chomhaltaí choiste rialaithe údaráis inniúil.
7. Chun críocha mhír 6, ba cheart go dtuigfí le 'comhaltaí foirne' gach duine a bhfuil caidreamh fostaíochta acu leis an údarás inniúil a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeidhm mhaoirseachta nó leis an gcinnteoireacht a bhaineann leis, lena n-áirítear baill foirne atá ag gabháil d'fheidhmeanna cothrománacha nó trasearnálacha, chun críocha na feidhmeanna agus na dualgais dá bhforáiltear i dTreoir 2013/36/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013⁴ a chur i gcrích nó, i gcás an Bhainc Cheannais Eorpaigh, i Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013. Ba cheart d'údaráis inniúla na treoirlínte a chur i bhfeidhm freisin maidir le comhaltaí ar iasacht chuig údarás inniúil ar bhonn sealadach i ndáil leis na gníomhaíochtaí nó na feidhmeanna atá leagtha

² Treoir 2013/36/AE, Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO 2013 L 176, lch. 338).

³ [JC 2023 17 Joint ESAs Supervisory Independence criteria.pdf](#) [Critéir chomhpháirteacha Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach maidir le neamhspleáchas maoirseachta]

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

amach thuas trí shocruithe iomchuí a chur i bhfeidhm. Féadfaidh údaráis inniúla cur i bhfeidhm na dtreoirlínte seo a leathnú chuig comhaltaí nach comhaltaí foirne iad a dhéanann cúraimí maoirseachta don údarás inniúil ar bhonn conarthach agus/nó socruithe iomchuí a chur i bhfeidhm le soláthraithe seirbhíse.

8. Chun críocha mhír 6, i gcás ina ndéantar cúraimí bhainistíocht laethúil fheidhm mhaoirseachta an údaráis inniúil a chur de chúram ar stiúrthóir feidhmiúcháin nó post comhchosúil faoi bhun leibhéal an chomhlachta cinnteoireachta comhchoitinne is sinsearaí dá dtagraítear in Airteagal 4a(1) de Threoir 2013/36/AE nó ar chomhaltaí comhlachta chomhchoitinn eile, ba cheart na dtreoirlínte seo a chur i bhfeidhm maidir le comhaltaí feidhmiúcháin an chomhlachta cinnteoireachta comhchoitinne is sinsearaí a fhéadfaidh treoracha a thabhairt don stiúrthóir feidhmiúcháin sin nó do chomhaltaí an chomhlachta chomhchoitinn eile sin.
9. I gcás nach ndéanann an comhlacht cinnteoireachta comhchoiteann is sinsearaí den údarás inniúil idirdhealú idir comhaltaí a bhfuil an chumhacht acu feidhmeanna feidhmiúcháin a fheidhmiú maidir le bainistiú laethúil na feidhme maoirseachta agus na bhfeidhmeanna neamhfheidhmiúcháin, nó nach ndéanann sé foráil do leithdháileadh cúraimí agus cumhachtaí cinnteoireachta na gcomhaltaí sin, ba cheart na dtreoirlínte seo a chur i bhfeidhm i ndáil le gach comhalta den chomhlacht cinnteoireachta sinsearach sin, seachas gobharnóirí banc ceannais.

Seolaithe

10. Tá na dtreoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Sainmhínithe

11. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna dtreoirlínte le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2013/36/AE.

3. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

12. Tá feidhm ag na treoirlínte seo ón 24.08.2026.

4. Treoirlinnte

- 1.
- 2.
- 3.
- 4.

4.1 Ceapachán comhaltaí de chomhlacht rialachais údaráis inniúil

13. I gcás ina bhfuil údaráis inniúla freagrach as comhaltaí a gcomhlachta rialachais a cheapadh nó páirt a ghlacadh sa cheapachán sin, ba cheart dóibh an dá bheart seo a leanas a dhéanamh:
14. an próiseas, na critéir cheapacháin agus toradh an phróisis, agus faisnéis faoi phróifíl an iarrthóra cheaptha a chur ar fáil go poiblí;
15. a chinntiú go ndéantar comhaltaí a gcomhlachta rialaithe a cheapadh ar bhonn prionsabail na hoibiachtúlachta agus an neamh-idirdhealaithe.

4.2 Tréimhse tionachta

16. I ndáil le comhalta de chomhlacht rialachais údaráis inniúil a cheapfar tar éis an 11 Eanáir 2026, ba cheart a ríomh go n-áireofar an méid seo a leanas sa tréimhse 14 bliana dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 4a(2) de Threoir 2013/36/AE:
17. gach tréimhse, ar lena linn a bhí an comhalta ina gcomhalta de chomhlacht rialachais an údaráis inniúil, as a chéile nó nach raibh i ndiaidh a chéile, agus cibé acu atá an post céanna acu, gan tréimhsí a bhaineann le ceapachán a tharla roimh an 11 Eanáir 2026 a áireamh.
18. tréimhsí seachas fostaíocht ghníomhach, amhail saoire tuismitheora, saoire bhreuiteachta nó saoire ar chúiseanna pearsanta.

4.3 Socruithe chun coinbhleachtaí leasa a chosc

Coincheap na coinbhleachta leasa

19. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go mbreithnítear ina rialacha agus ina gcleachtais go n-áirítear ar chásanna ina dtagann coinbhleacht leasa chun cinn cásanna ina bhfuil leas pearsanta díreach nó indíreach ag comhalta foirne nó ag comhalta de chomhlacht rialachais údaráis inniúil a imríonn tionchar ar fheidhmiú neamhchlaonta agus oibiachtúil a ndualgas agus a bhfreagrachtaí gairmiúla nó a chuireann as dóibh, nó a bhféadfaí a mheas go n-imríonn sé tionchar orthu nó go gcuireann sé i mbaol iad.
20. Chun na críche seo:
21. ba cheart go n-áireofaí le leas pearsanta aon sochar nó aon sochar féideartha, de chineál airgeadais nó neamhairgeadais, do chomhalta foirne nó do chomhalta de chomhlacht rialachais an údaráis inniúil, dá mbaill dlúth-teaghlach lena n-áirítear a gcéile, a bpáirtnéir sibhialta cláraithe i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a leanbh nó a dtuismitheoir, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin;
22. ba cheart go gcuimhdófaí le coinbhleacht leasa a mheastar a bheith ann imthosca oibiachtúla a dhéanann difear d'iontaoibh agus do mhuinín i neamhspleáchas agus i neamhchlaontacht comhalta foirne nó comhalta de chomhlacht rialachais an údaráis inniúil fiú mura dtagann an choinbhleacht leasa chun cinn nó fiú mura mbaineann an comhalta tairbhe iarbhr as an gcás.

Sásraí, rialacha agus cleachtais a bhunú chun coinbhleachtaí leasa a chosc

23. Ba cheart go mbeadh sásraí, rialacha agus cleachtais iomchuí i bhfeidhm ag údaráis inniúla chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú. Ba cheart a léiriú leis na sásraí, na rialacha agus na cleachtais sin go bhféadfadh coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn le linn na tréimhse réamhfhostaíochta, le linn na fostaíochta, agus mar gheall ar ghníomhaíochtaí ceirde iarfhostaíochta agus le linn saoire gan phá.
24. Ba cheart go mbeadh bealaí iomchuí i bhfeidhm ag údaráis inniúla chun tuairisciú inmheánach, obair leantach agus coimircí a chur i bhfeidhm do dhaoine a thuairiscíonn sárúithe ar rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937⁵.

Dearbhuithe leasa réamhfhostaíochta

25. Ba cheart go mbeadh san áireamh sa dearbhú spéise réamhfhostaíochta a dtagraítear dó in Airteagal 4a(7) de Threoir 2013/36/AE, atá le cur isteach ag comhaltaí foirne ionchasacha agus ag comhaltaí de chomhlacht rialachais an údaráis inniúil, faisnéis ar a laghad maidir le sealúchais na gcomhaltaí ionchasacha atá leagtha amach in Airteagal 4a(7) de Threoir 2013/36/AE, eisithe

⁵ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

ag na hinstitiúidí atá faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil nó a dtagraítear dóibh, agus na máthairghnóthais dhíreacha agus indíreacha, na fochuideachtaí nó na fiontair cleamhnaithe de chuid na n-institiúidí sin, atá i seilbh an chomhalta lena mbaineann faoi láthair. Ní gá sealúchais a shonraítear in Airteagal 4a(3), pointe (a)(i) agus pointe (ii) de Threoir 2013/36/AE a dhearbhuí.

Nochtuithe réamhfhostaíochta eile

26. Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar chomhaltaí foirne ionchasacha agus ar chomhaltaí dá gcomhlachtaí rialachais faisnéis a nochtadh maidir le coinbhleachtaí leasa eile, lena n-áirítear ról le déanaí in institiúidí a bhfuiltear ag súil go mbeidh baint dhíreach acu leo chun críocha maoirseachta nó cinnteoireachta, lena n-áirítear máthairghnóthais dhíreacha nó indíreacha, fochuideachtaí nó fiontair chleamhnaithe na n-institiúidí sin, nó eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus abhcóideachta atá dírithe ar an údarás inniúil maidir le hábhair a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad freagrach astu.

Dearbhuithe leasa bliantúla

27. Maidir leis na dearbhuithe leasa bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 4a(7) de Threoir 2013/36/AE atá le cur isteach ag baill foirne agus comhaltaí chomhlacht rialachais an údaráis inniúil, ba cheart faisnéis faoi shealúchais na gcomhaltaí dá dtagraítear i mír 18 a áireamh iontu.

28. Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal freisin go gcuirfear isteach an fhaisnéis a dtagraítear di i mír 19 mar chuid de na dearbhuithe leasa bliantúla.

Dearbhuithe leasa ad hoc

29. Ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go ndearbhóidh comhaltaí foirne agus comhaltaí chomhlacht rialachais an údaráis inniúil aon fháil nó diúscairt ar na sealúchais dá dtagraítear i mír 18 a d'fhéadfadh tarlú idir dearbhuithe.

30. Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal freisin ar a gcomhaltaí foirne agus ar chomhaltaí a gcomhlachta rialachais aon chás eile de choimhlint leasa iarbhir nó thuigte a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir dearbhuithe a dhearbhuí go pras.

Measúnú ar dhearbhuith

31. Ba cheart d'údaráis inniúla dearbhuithe a mheasúnú trí bhreithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil na leasanna sonracha atá dearbhaithe ag comhaltaí foirne nó ag baill dá gcomhlacht rialachais comhoiriúnach lena gcúraimí.

32. I gcás ina ndéanann comhalta foirne nó comhalta den chomhlacht rialachais cúraimí d'eagraíocht phoiblí eile nó d'eintiteas poiblí eile mar chuid de ról an duine sin, ba cheart don údarás inniúil na cúraimí sin a chur san áireamh sa mheasúnú i gcás inarb iomchuí.

Cumhachtaí na n-údarás inniúil maidir le hionstraimí airgeadais atá ina seilbh acu tráth a bhfostaítear iad nó ina dhiaidh sin

33. Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 4a(8) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart a áireamh in ionstraimí airgeadais a bhféadfadh coinbhleachtaí leasa a bheith mar thoradh orthu ar a laghad na sealúchais atá faoi réir an dearbhaithe leasa dá dtagraítear in Airteagal 4a(7) de Threoir 2013/36/AE.
34. Is féidir a mheas nach n-eascraíonn coinbhleachtaí leasa as ionstraimí airgeadais a shealbhú nó nach ionann iad agus trádáil i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
35. is institiúid ar cumann frithpháirteach, comharchumann, banc taisce, institiúid creidmheasa í a bunaíodh chun seirbhísí a sholáthar d'fhoireann agus d'iarfhoireann údaráis inniúil, nó institiúid chomhchosúil, a eisiúnn na hionstraimí airgeadais;
36. is gá na hionstraimí airgeadais a shealbhú chun rochtain a fháil ar ghnáthsheirbhísí baincéireachta agus ar sheirbhísí eile na hionstitiúide;
37. is féidir a mheas gur diomaibhseach an leibhéal leasa airgeadais san institiúid a eascraíonn as an sealúchas;
38. ní fhéadfar oibríochtaí infheistíochta ná dífheistithe na n-ionstraimí airgeadais a dhéanamh ach amháin idir comhaltaí na hionstitiúide nó tríd an institiúid féin.
39. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil díol nó diúscairt na n-ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4a(8) de Threoir 2013/36/AE faoi réir formheas roimh ré ó fheidhm um eitic nó um chomhlíonadh, nó ó fheidhm choibhéiseach an údaráis inniúil atá i gceannas ar fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an bheartais coinbhleachtaí leasa.
40. I gcás ina gcuirfidh údarás inniúil de cheangal ar chomhalta foirne nó ar chomhalta dá chomhlacht rialachais ar leis ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4a(8) de Threoir 2013/36/AE, na hionstraimí sin a dhíol nó a dhiúscairt, ba cheart don chomhalta sin an díol a chur i gcrích nó na hionstraimí airgeadais a aistriú laistigh de thréimhse ama réasúnta arna bunú ag an údarás inniúil. Ba cheart don údarás inniúil aon oibleagáidí a chur san áireamh maidir le hionstraimí a shealbhú a eascraíonn as na ceanglais luacha saothair a leagtar amach faoi Airteagal 94 de Threoir 2013/36/AE. I gcás gur leis an gcomhalta ionchasach na hionstraimí airgeadais tráth a n-earcaithe nó a gceaptha, a mhéid is féidir, ba cheart don chomhalta ionchasach an díol nó an diúscairt sin a dhéanamh sula rachaidh siad i mbun oifige.

4.4 Sáruithe ar rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa, bearta ceartaitheacha, lena n-áirítear bearta araíonachta

41. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go dtabharfar aghaidh go pras ar chásanna féideartha de neamhchomhlíonadh rialacha coinbhleachta leasa, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, aon tionchar ar chinnteoireacht mhaoirseachta.
42. Ba cheart bearta a nglacann údaráis inniúla iad a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart a chur san áireamh sna bearta a thromchúisí atá an sárú, cibé acu

an raibh sé faillíoch nó d'aon ghnó agus fad an tsáraithe, agus ba cheart bearta araíonachta a áireamh iontu i gcás inarb iomchuí.

4.5 Bearta eile a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa

43. Féadfaidh údaráis inniúla bearta eile a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa, lena n-áirítear srianadh ar rochtain ar fhaisnéis rúnda nó íogair nó sannadh ról nó tasc difriúil san údarás inniúil nó i bhfiontar eile.

4.6 Iompraíochtaí toirmiscthe

4.1.1 Toirmeasc ar thrádáil in ionstraimí airgeadais

44. Ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú nach ndéanfaidh comhaltaí foirne agus comhaltaí a gcomhlachta rialachais trádáil sna hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4a(3), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE, agus nach molfaidh siad ná nach spreagfaidh siad duine eile chun trádáil a dhéanamh sna hionstraimí sin nó gan trádáil a dhéanamh iontu.

Raon feidhme na n-ionstraimí airgeadais a chumhdaítear

45. Chun críocha Airteagal 4a(3), pointe (a) agus (b)(i) de Threoir 2013/36/AE:

- a) ba cheart a thuiscint go n-áirítear le 'hinstitiúidí a ndéanann a n-údaráis inniúla maoirseacht orthu' institiúidí atá faoi réir mhaoirseacht stuamachta na n-údarás inniúil faoi Threoir 2013/36/AE, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach maidir le hábhair a bhaineann leis na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;
- b) ba cheart a thuiscint go n-áirítear le 'fiontair chleamhnaithe' na heintitis chorparáideacha sin, seachas máthairghnóthais nó fochuideachtaí na n-institiúidí faoi mhaoirseacht, a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas ar a laghad:
 - i. eintitis a áirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite a dtarraingíonn suas an institiúid faoi mhaoirseacht iad;
 - ii. eintitis a thagann faoin scéim cosanta institiúideach céanna dá dtagraítear in Airteagal 113(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, leis an institiúid faoi mhaoirseacht; nó
 - iii. eintitis atá cleamhnaithe go buan leis an gcomhlacht lárnach céanna dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 leis an institiúid faoi mhaoirseacht.

46. Chun críocha na chéad fhomhíre d’Airteagal 4a(3), pointe (a)(i), de Threoir 2013/36/AE, ba cheart do na húdaráis inniúla a cheangal go mbeidh comhaontú bainistíochta infheistíochta i scríbhinn i bhfeidhm lena bhforáiltear do bhainistiú punainne neamhspleách.
47. Chun críocha an dara fómhír d’Airteagal 4a(3) de Threoir 2013/36/AE, agus é á shuí cé acu a infheistíonn tríú páirtí nó gnóthas comhinfheistíochta den chuid is mó in ionstraimí arna n-eisiúint ag na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 4a(3), pointe (a) de Threoir 2013/36/AE, nó a ndéantar tagairt dóibh, ba cheart do na húdaráis inniúla, i measc nithe eile, an beartas nó an straitéis infheistíochta a chur san áireamh.

4.1.2 Srianata i dtaca le tréimhse mharana

Raon feidhme fhoireann nó chomhaltaí chomhlacht rialachais an údaráis inniúil a ndéanann na tréimhsí marana difear dóibh

48. Chun críocha Airteagal 4a(3), pointe (b)(i) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart a áireamh ar na húdaráis inniúla na baill foirne sin atá ag gabháil d’fheidhmeanna cothrománacha nó trasearnálacha a raibh baint dhíreach acu leis an bhfeidhm mhaoirseachta nó leis an gcinnteoireacht i ndáil leis sin.
49. Chun críocha Airteagal 4a(3), pointe (b)(ii) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart d’údaráis inniúla a mheas go n-áirítear le ‘eintitis a sholáthraíonn seirbhísí’ eintitis a ndearnadh cúraimí nó codanna d’fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha⁶ na n-institiúidí a sheachfhoinsiú chucu, chomh maith le seirbhísí dlí, cuntasáíochta nó comhairliúcháin a sholáthar.
50. Chun críocha Airteagal 4a(3), pointe (b)(iii) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart a áireamh le ‘ghníomhaíochtaí brústocaireachta agus abhcóideachta’ aon ghníomhaíocht ghairmiúil a dhéantar arb é is cuspóir di, go díreach nó go hindíreach, tionchar a imirt ar phróisis chinnteoireachta an údaráis inniúil, ar chur chun feidhme na gcinntí sin agus ar aon ghníomhaíocht eile faoi raon feidhme inniúlacht an údaráis inniúil i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE nó, i gcás an Bhainc Ceannais Eorpaigh, le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, nó ar bhraistint phoiblí an údaráis inniúil. Níor cheart a mheas gur ‘ghníomhaíochtaí brústocaireachta agus abhcóideachta’ iad iasachtaí nó gníomhaíochtaí saoire gan phá a bhaineann le poist laistigh d’aireachtaí náisiúnta nó comhlachtaí poiblí eile agus institiúidí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí an Aontais.

Chun na gcríoch sin:

- a) ciallaíonn ‘tionchar díreach a imirt’ tionchar a imirt trí theagmhálaí díreach nó trí chumarsáid dhíreach a dhéanamh leis an údarás inniúil, nó trí ghníomhaíocht eile mar obair leantach ar ghníomhaíochtaí mar sin; agus

1. ⁶ Mar a shainmhínítear i dTreoirlínte Foinsithe Sheachtraigh ÚBE (EBA/GL/2019/02).

- b) ciallaíonn ‘tionchar indíreach a imirt’ tionchar a imirt ach úsáid a bhaint as veicteoirí idirmheánacha amhail na meáin, tuairimí an phobail, comhdhálacha nó imeachtaí sóisialta dírithe ar an údarás inniúil.

Nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt

- 51. Ba cheart d’údaráis inniúla nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena gceanglaítear ar chomhaltaí foirne agus ar chomhaltaí a gcomhlachta rialachais an t-údarás inniúil a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu dul i mbun fostaíochta nó glacadh le haon chineál conartha chun seirbhísí gairmiúla a sholáthar le haon institiúid nó eintiteas a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas:
 - a) institiúidí atá faoi réir mhaoirseacht stuamachta an údaráis inniúil, lena n-áirítear máthairghnóthais, fochuideachtaí nó cleamhnaithe díreacha nó indíreacha na n-institiúidí sin;
 - b) eintitis a sholáthraíonn seirbhísí d’aon cheann de na h-institiúidí nó de na heintitis a luaitear i bpointe a) thuas; nó
 - c) eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus abhcóideachta atá dírithe ar an údarás inniúil.
- 52. Ba cheart na fógraí sin a sholáthar ar a dhéanaí nuair a fhaightear tairiscint agus sula nglactar le tairiscint mar sin. Má thagann sé sin salach ar aon chearta oibrithe ábhartha mar a leagtar amach sa dlí saothair náisiúnta, ba cheart fógraí a thabhairt tráth nach déanaí ná pointe ama lena gceadaítear don údarás inniúil tréimhsí marana iomchuí a mheas.
- 53. Ba cheart d’údaráis inniúla nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir le comhaltaí foirne nó comhaltaí de chomhlacht rialachais údaráis inniúil a rinne iarratas ar shaoire gan phá, chun a áirithiú nach rachaidh an comhalta lena mbaineann i mbun fostaíochta le linn thréimhse na saoire gan phá ná nach nglacfaidh siad le haon chineál conartha chun seirbhísí gairmiúla a sholáthar d’eintiteas mar sin a d’fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le leasanna dlisteanacha an údaráis inniúil.
- 54. Ba cheart d’údaráis inniúla a cheangal freisin ar chomhaltaí foirne nó ar chomhaltaí dá gcomhlacht rialachais a bhfuil sé beartaithe acu saoire gan phá a ghlacadh fógra a thabhairt don údarás laistigh de na tréimhsí a leagtar amach i mír 41 má tá sé beartaithe acu dul i mbun gníomhaíochtaí leis na h-institiúidí nó leis na heintitis dá dtagraítear i mír 40; nó, fógra a thabhairt dá n-údarás inniúil in am trátha sula dtosódh siad ar aon ghníomhaíochtaí den sórt sin le linn saoire gan phá.

An próiseas measúnaithe

- 55. I gcás ina bhfuil na húdaráis inniúla freagrach as fad iomchuí na tréimhse marana is infheidhme maidir le comhalta foirne nó maidir le comhalta dá gcomhlacht rialachais a chinneadh, ba

cheart do na húdaráis inniúla próiseas trédhearcach nó comhlacht comhchoiteann a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar an tréimhse mharana ba cheart a chur i bhfeidhm maidir leis an gcomhalta lena mbaineann de bhun Airteagal 4a(4) agus (5) de Threoir 2013/36/AE, agus na critéir a leagtar amach i mír 46, agus na bearta chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint, á gcur san áireamh.

56. Agus measúnú á dhéanamh ar fhógra, ba cheart d'údaráis inniúla rochtain an duine aonair ar fhaisnéis rúnda nó íogair agus rannpháirtíocht an duine aonair i ngníomhaíocht chinnteoireachta ábhartha a bhaint nó a theorannú, mar aon le hath-leithdháileadh cúraimí atá ag teacht salach ar a chéile.

Fad na dtréimhsí marana

57. I gcás ina bhfuil na húdaráis inniúla freagrach as fad iomchuí na tréimhse marana is infheidhme maidir le comhalta foirne nó maidir le comhalta dá gcomhlacht rialachais a chinneadh agus faoi réir aon teorainneacha a leagtar amach sa dlí náisiúnta, ba cheart dóibh na critéir seo a leanas a chur san áireamh i ndáil leis an duine aonair lena mbaineann chun a mheas ar cheart an tréimhse mharana a shíneadh go tréimhse is faide ná na híosstréimhsí a leagtar amach in Airteagal 4a(4) agus (5) de Threoir 2013/36/AE:

- a) sinsearachta an bhaill foirne;
- b) na feidhmeanna cinnteoireachta a dhéantar;
- c) cineál na hoibre a rinneadh, lena n-áirítear cúraimí a rinneadh d'eagraíocht eile, e.g. comhalta eile den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó de Choiste Basel, an leibhéal rannpháirtíochta sa mhaoirseacht stuamachta nó sa chinnteoireacht is infheidhme go díreach maidir leis an institiúid nó leis an eintiteas lena mbaineann, méid na rochtana ar fhaisnéis rúnda nó íogair agus na cineálacha institiúidí nó eintiteas a bhféadfadh teagmháil a bheith déanta ag an gcomhalta foirne leo;
- d) rannpháirtíocht in aon ghníomhaíochtaí beartais a d'fhéadfadh a bheith infheidhme maidir le haon institiúid nó eintiteas, lena n-áirítear an institiúid nó an t-eintiteas lena mbaineann;
- e) leibhéal ionchasach na ngníomhaíochtaí sinsearachta nó cinnteoireachta san institiúid nó san eintiteas lena mbaineann;
- f) an bhfuil an seasamh féideartha le heagraíocht san earnáil phríobháideach ag a bhfuil scála suntasach tionchair ar chleachtais san earnáil airgeadais agus ar cheapadh beartas.
- g) tuairisc ar an bpost a d'fhéadfadh a bheith ann;
- h) teagmháil ghairmiúil roimhe sin leis an institiúid nó leis an eintiteas lena mbaineann;
- i) an próiseas earcaíochta a d'úsáid an eagraíocht fruilithe, go háirithe an raibh an post a d'fhéadfadh a bheith ann faoi réir earcaíochta oscailte agus iomaíoch;

j) bearta eile a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar an gcoinbhleacht leasa;

58. Sna Ballstáit nach mór tréimhsí marana a bhunú iontu ag an bpointe fostaíochta, i gcás ina bhfuil na húdaráis inniúla freagrach as na téarmaí sin a shocrú (i gcomhar, i gcás inarb infheidhme, le haon chomhlachtaí náisiúnta ábhartha), ba cheart dóibh an tréimhse mharana iomchuí a chinneadh a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le feidhmeanna áirithe poist. Ba cheart d'údaráis inniúla fógra a thabhairt d'fhostaithe ionchasacha faoi na tréimhsí sin roimh ré.

59. Ba cheart a chur san áireamh ar cheart an méid seo a leanas a dhéanamh leis an tréimhse mharana:

a) a bheith fostaithe san údarás inniúil, ar choinníoll go bhfoirceannfar rochtain an chomhalta ar fhaisnéis rúnda nó íogair agus go gcuirfear deireadh le haon dualgais a bhaineann leis an bhfeidhm mhaoirseachta nó leis an gcinnteoireacht i ndáil leis sin, agus le forbairt beartais a bhaineann le raon feidhme inniúlacht an údaráis inniúil;

b) iasacht go heintiteas eile san earnáil phoiblí a áireamh;